

BEAN DINNIS SGÉAL DÁ LAOIGHDÍN

Triúr bean a bhí ann a bhí ar buaile. Bhíodar i mbráca i n-éinfeacht. San oidhche Dia Sathairn bhí coinneoga bainne acab agus bhíodar a dhul abhaile leob. Bhí siad le bheith ar an mbuaile aríst lár na bhárach léis Aifrinn agus é éistigthe acab. D'imthigh leob agus nuair a bhí siad timcheall leath bealaigh abhaile dubhairt duine de na mná, tá dearmead déanta a'm sa," adeir sí. "Níor chuir mé laoighdín isteach sa mbráca agus beidh sé ag diúl na bó. Is fearr duit-se," adeir sí le duine de na mná," tigheacht i néinfeacht liom-sa go gcuirimid isteach é." "Ní tiocfad" adeir an bhean, agus ná bac fhéin anocht leis." Bacfaidh mé," adeir sí. Gabhfaidh mé féin ann liom féin le congnamh Dé," d'imthigh sí leithe agus chroch sí léithe an choinneog arís. Nuair a tháinig sí ag an mbráca chuaidh sí agus chuir sí an laoighdín isteach ann. Dhearg sí an teine agus chóirigh sí an leabaidh dí féin. Ní raibh ann ach go raibh an teine ina craiceann nuair a d'airigh sí cainnt. D'aithnigh sí gur cainnt fear a bhí ann nuair a d'airigh sí ag teacht in aice leis an mbráca d'fága sí an leabaidh agus leag sí brat anuas uirthé féin idir í féin agus an laoighdín i riocht is nach mbeadh fios ag duine ar bith go raibh sí sa mbráca. Tháinig na fir isteach. Bhí puiteach go dtí na glúine orthabh agus uisge thíos ina mbróga. "Ó! Míle buidheachas le Dia," adeir siad, "nach breagh an áit ar casadh muid seachas muid a bheith dá bplúchadh is dhár mbáthadh ar fud a' chriathraigh. Tharraing siad díobh na bróga is na stocaí chuir siad na cosa do'n teine dá dteigheadh. "Innis sgéal," adeir duine acab leis an fear eile. "Níor innis mé sgéal ariamh," adeir an fear," ach innis féin sgéal ó tharla gur chuimhnigh tú air." "Níor innis mé féin sgéal ariamh," adeir sé," bhfuil aon sgéal agat-sa?" adeir sé, "bhfuil aon sgéal agat-sa?" adeir sé leis an tríomhadh fear. "Muise níl" adeir sé. "Ó nach dona sibh," adeir an chéad fhear.

Bhí an bhean ag éisteacht faoi'n mbrat. "Maise," adeir sí, "innseochaidh mé féin sgéal do mo laoighdín," leag sí a béal isteach ar a chluais agus thosuigh sí:

"Rug Muire mac

agus tá sé féin go maith ina dhiaidh

rug Muire mac agus tá sí féin go maith ina dhiaidh

míle buidheachas le Dia sin é an sgéal is fearr a tháinig ariamh

atá innsigthe anois do mo laoighdín,"

Ní raibh lag labhartha féin acab nuair a bhí an sgéilín innsigthe aice. Bhíodar ina gcodladh. Is garr go bhfaca sí triúr cailleach ag teacht isteach. Cailleach mhór mhillteach an chéad chailleach acab agus bhí páiste ar a gualainn ag an tríomhadh cailleach. Nuair a tháinig siad isteach shuidheadar taobh thíos de na fir ar an teallach dá dteidheadh féin. Bhí an chailleach mhór mhillteach i lár an teallaigh agus ceann acab ar chaon taobh: "Éirigh" adeir an

chailleach mhór le duine de na cailleacha eile, “agus déan arán.” “Caithfidh mé dul ag iarraidh uisge,” adeir cailleach acab. “Cén t-uisge atá uait?” adeir an chailleach, an fhaid is tá fuil ins na bodachaí sin,” adeir sí. Beir ar do bhiorán agus is beag a aireochas siad mias fola a baint astab.” Déirigh sí annsin agus thug sí biorán léithe agus bhain sí aon oiread amháin as an triúr. Tharraing sí amach min choirce agus d’fuin sí sa bhfuil é agus nuair a bhí an cáca fuinte aice ghearr sí ina cheithre ceathramhnaí le sgian é agus bhrúth sí leis an teine é. Nuair a bhí sé brúighte thóg sí é agus roinn sí é. Thug sí píosa dhe do’n pháiste. Tháinig ceann de na gadhair a bhí ag na fir agus bhain sé as láimh an pháiste é. Gabh sé suas leis san áit a raibh an bhean faoi’n mbrat go n-itheadh sé é - rud ar bith a fhágas na gadhair is maith leob a ithe ar fagadh ar an gcúlraí. Bhain an bhean dhe an píosa aráin agus chuir sí ina binn é agus cheangail sí é. Nuair a bhí an cáca ithe agus na cailleacha ag imtheacht, “measann tú” adeir duine de na cailleacha beaga leis an gcailleach mhór mhilleach,” bhfuil rud ar bith a leigeasfadh na fir sin?” “Níl,” adeir an chailleach mhór, “ach píosa den cháca sin atá ithte againn agus níl aon ghor acab é sin a fhágail, tá sé ithte.” D’imthigh siad amach annsin. Nuair a sgall an lá gléigeal isteach ar na fir dhúisigh duine acab. Nuair a shíl sé éirighe sé an chaoi ar thosuigh sé ag blaodhach is ag béiceadach. “Céard tá ort?” adeir fear acab leis.

“Ó ní fhágfaidh mé seo coidhchin,” adeir sé,” níl mé indon díriú aniar chor ar bith ná mo chosa a chuir fúm.” “Céard tá ort?” adeir fear fear acab leis “ó ní fhagfaidh mé seo choidhchin,” adeir sé,” níl mé indon díriú aniar chor ar bith ná mo chosa a chuir fúm.” “Céard tá ort chor ar bith?” adeir an fear eile a síleachtáil é féin díriú aniar agus chinn sé air. “Céard tá orthaibh,” adeir an tríomhadh fear, agus shíl sé féin éirighe agus d’éirigh an cleas céadhna dó. D’éirigh an bhean anuas annsin chucab.

“Dá n-innsigheadh sibh féin sgéal aréir ní éireochadh sin díb. Tháinig triúr cailleach isteach annseo aréir agus bhain siad lán méise d’fuil oraibh. Anois céard a tiubhradh sibh ar ucht a leigheas?” “Níl aon bhlas ar an domhan againn faoi láthair,” adeir fear acab, “ach más bean óg tusa nach bhfuil pósta féadfaidh tú do reoghain againn a bheith agat agus pé bí duine againn a thógfas tú pósfaidh sé thú.”

Tharraing sí amach an cáca. “Tiubhraidh mé an píosa is mó duit-se ó tharla gur tá ag cainnt liom,” adeir sí. Rinnse sí dhá leith de’n phíosa eile agus thug sí píosa do chaon duine acab agus d’éirigh an triúr suas chó maith is bhí siad aon lá ariamh. “Tóg do reoghain anois,” adeir an fear a bhí ag cainnt léithe. Ní gabhfaidh mé thart féin,” adeir sí. “Tá do reoghain agat,” adeir sé, “mar is duine uasal mise agus oidhre dúthaighe” níor sgar sí leis go dtug sí amhaile é is gur phós sí é d’fanadar le chéile go bhfuadarar bás, creidim go maith freisin.